# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

6–16 DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2016



RÉ★LTNEACH
Tionscadal **DAVID BOWIE**

ST★RMAN
The **DAVID BOWIE** Project

IRISH-LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL

# CLÁR IMRAM Deireadh Fómhair 2016

Déardaoin 6ú | 7.00pm | UCD Belfield

**Ó CADHAIN: AN AG DORAS AN BHÁIS ATÁ LORG A LÁIMHE ANOIS?: LÉACHT UÍ CHADHAIN LE JOE STEVE Ó NEACHTÁIN**

Dé hAoine 7ú | 8.00pm | Smock Alley

**AIFREANN NA MARBH**

Dé Sathairn 8ú | 8.30pm | Tivoli Backstage

**MÓROÍCHE CHEOIL IS FILÍOCHTA: GALA NIGHT OF MUSIC AND POETRY**

Dé Luain 10ú | 6.00pm | DIT Grangegorman

**CLÓ DRAÍOCHTA 6: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA**

Dé Luain 10ú | 8.00pm | McGrattan's

**Ó BHAILE ÁTHA CLIATH GO PRÁG : MÓROÍCHE LITRÍOCHTA NA GAEILGE AGUS NA SEICISE**

Dé Máirt 11ú | 6.00pm | Ionad an Phiarsaigh

**AN BÉAL BOCHT AG 75: LÉACHT LE BRIAN Ó CONCHUBHAIR**

Dé Máirt 11ú | 8.00pm | Smock Alley

**CUAIFEACH MO LONDUBH BUÍ**

Dé Céadaoin 12ú | 6.00pm | Áras Scríbhneoirí na hÉireann

**VÍREAS IS EA TEANGA: LANGUAGE IS A VIRUS: THE CUT-UP PROJECT**

Dé Céadaoin 12ú | 8.00pm | Smock Alley

**LÓN LENINGRAD**

Déardaoin 13ú | 6.00pm | Ionad an Phiarsaigh

**ALEX HIJMANS: LÉAMH AGUS AGALLAMH POIBLÍ**

Déardaoin 13ú | 8.00pm | Smock Alley

**CLUICHE NA CORÓNACH/ GAME OF THRONES**

Dé hAoine 14ú | 10.00am–5.00pm | Litríocht Éireann

**COMHDHÁIL CHRÉ NA CILLE 2**

Dé hAoine 14ú | 8.00pm | Smock Alley

**MISE RAIFTEARAÍ AN FÍODÓIR FOCAL**

Dé Sathairn 15ú | Áras Scríbhneoirí na hÉireann

**CEARDLANN NÁISIÚNTA: AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL AGUS AN SPLANCSCÉAL**

Dé Sathairn 15ú | 8.00pm | Smock Alley

**AISLING GHEAL: TIONSCADAL CHAITLÍN MAUDE**

Dé Domhnaigh 16ú | 7.00pm | McGrattan's

**OÍCHE ÓMÓIS DO BHREANDÁN Ó DOIBHLIN**

Dé hAoine 21ú | 8.00pm | Pavilion Theatre

**RÉALTNEACH: TIONSCADAL DAVID BOWIE**

---


## BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Cathal Póirtéir; Gabriel Rosenstock; Cathal & Caomhán Ó Luain; Des Geraghty; Rita Kelly; Aedín Ní Bhroin & Máire Uí Fhaogháin, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon/Arts Council; Daithí Ó Maolchoille; Ray Yeates, Martin Colthorpe & Aimée Van Wylick, International Literature Festival, Dublin; Eleanor Hooker, Dromineer Literary Festival; Simon Ó Faoláin, An Fhéile Bheag Filíochta; Conchubhair Ó Liatháin, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich; Linda Ervine, Turas; Pat Cotter, Munster Literature Centre; Paul Casey, Ó Bhéal; Maureen Kennelly & foireann, Éigse Éireann/Poetry Ireland; Eimear O'Herlihy, West Cork Literary Festival; Clare Bell & Brenda Dermody, Dublin Institute of Technology; Valerie Bistany & foireann, Áras na Scríbhneoirí/Irish Writers Centre; Breandán Mac Cormaic; Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Micheál Ó Conghaile, Bridget Breathanch & Julianne Ní Chonchobhair, Cló Iar-Chonnacht; Darach Ó Scolaí, Leabhar Breac; George R R Martin; Lara Lea Allen, The Lotts Agency; Séan Tadhg Ó Gairbhí; Mary Shine Thompson; Bríd Cranitch, Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh; Mathew Staunton, The Onslaught Press; Ríonach Ní Néill; Meidbhín Ní Urdáil, Scoil na Gaeilge, UCD; Éamonn Ó Dónaill, Gaelchultúr; Liz Powell; Jenifer Ní Ghrádaigh, Cois Life; Mícheál Ó hAodha; Hugh Murray & Lisa McMahon, Pavilion Theatre; Clíona Dukes, Smock Alley; Mark, McGrattan's; Margaret Lonergan; Jim Berkeley; Niamh Lawlor & Eithne Carson.


---


## CREDITS


Hiroshima photo found in 2013 Honkawa Elementary School, Hiroshima (Wikimedia Commons). Portrait of Anna Akhmatova, 1922, by Kuzma Petrov-Vodkin (1878–1939). The painting is located in the State Russian Museum in St. Petersburg, Russia. A Game of Thrones © 1996 by George R R Martin. Permission granted by George R R Martin c/o The Lotts Agency Ltd.

## DÉARDAOIN 6 DEIREADH FÓMHAIR

**Thursday 6 October | 7.00pm**

**UCD BELFIELD LÉACHTLANN R,**
**Áras na nEalaíon**
Saorchead isteach/free admission




# Ó CADHAIN: AN AG DORAS AN BHÁIS ATÁ LORG A LÁIMHE ANOIS?

## LÉACHT UÍ CHADHAIN LE JOE STEVE Ó NEACHTAIN

Ó Cadhain – cé dar díobh é? Céard a spreag é as cúlra chomh dearóil le dúshláin liteartha agus míleata a thabhairt? Cén meas a bhí ag a chuid comharsanaí i gCois Fharraige ar a shaothar agus ar a ghníomhartha nuair a cuireadh i bpríosún é? *Cré na Cille* – úrscéal nó dráma? Cén meas a bheadh ag Ó Cadhain ar Ghluaiseacht na Gaeilge agus ar phleannaí teangan an lae inniu? Cén t-ábhar dóchais atá le baint as saol Uí Chadhain nó an bhfuil tionchar ar bith aige ar an saol nua-aimseartha seo?



In this year's Ó Cadhain lecture, **Joe Steve Ó Neachtain** probes the influence of his birthplace Cois Fharraige on Máirtín Ó Cadhain's views and explores his standing within the local community. It also asks how Ó Cadhain might view today's Irish language movement and if his life and work has had an enduring influence on today's Ireland.



**DÉ hAOINE 7 DEIREADH FÓMHAIR**

**Friday 7 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE,**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com



# AIFREANN NA MARBH

## MASS OF THE DEAD

Is i bhfoirm Aifreann Éagnairce a scríobhadh dán fada Eoghain Uí Thuairisc, comóradh ar na daoine bochta a d'fhulaing is a fuair bás nuair a leag na Meiriceánaigh buama adamhach ar chathair Hiroshima. Dán mór traigéide, saothar fíneáilte a thugann an léitheoir trí shráideanna Bhaile Átha Cliath agus trí fhothraigh Hiroshima.

Dán is ea é a sheasann amach in annála na nualitríochta, i dteanga ar bith, agus cúis bhróid is áthais d'IMRAM léiriú ilmheánach a chur i láthair ina measctar léamh beo agus léamh taifeadta. Páirteach ann tá **Rita Kelly**, **Gabriel Rosenstock** agus **Marcus Mac Conghail**; ceol le **Seán Mac Erlaine** (clairinéid, ceol leictreonach) agus **Clive Bell** (shakuhachi). Teilgfidh **Margaret Lonergan** íomhánna ar scáileán.

Written in the form of a requiem mass, the late Eoghan Ó Tuairisc's long poem *Aifreann na Marbh* commemorates the victims of the atomic bomb attack on Hiroshima. Tonight IMRAM is proud to celebrate this hugely influential work with a multi-media presentation that fuses live and recorded readings of the poem by **Rita Kelly**, **Gabriel Rosenstock** and **Marcus Mac Conghail**; music composed and performed by **Seán Mac Erlaine** (clarinet, electronics)and **Clive Bell** (shakuhachi); and on-screen projections created by **Margaret Lonergan**.









**DÉ SATHAIRN 8 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 8 October | 8.30pm**

**TIVOLI BACKSTAGE, 18/19 Francis Street, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10

# MÓROÍCHE CHEOIL IS FILÍOCHTA

## GALA NIGHT OF MUSIC AND POETRY

Beidh oíche go maidin anocht ag IMRAM agus saothar úrnua ceoil is filíochta á cheiliúradh againn le horfidigh cheannródaíocha. Tá a gcéad albam díreach eisithe ag **IMLÉ**, ceol a bhainfidh stangadh asat. Tá albam aonair *Pondelorum* díreach eisithe ag an bpíobaire **Eoin Dillon** (tráth le Kíla) agus ina theannta anocht beidh an giotáraí **Graham Watson**. Is fada sinn ag feitheamh lena chéad chnuasach ó **Shéamas Barra Ó Súilleabháin** agus b'fhiú fanacht le *Beatha Dhónaill Dhuibh*. Cruthóidh an dealbhóir fuaime **Slavek Kwi** cúlra sonach le haghaidh léamh an tSúilleabhánaigh. Cloisimid dánta ón mbailiúchán úr de chuid **Dairena Ní Chinnéide**, *Fé Gheasa/Spellbound* agus i dteannta an Duibhnigh beidh **Rónán Ó Snodaigh**, amhránaí agus Ollamh le hUirlisí. Bígí linn!











TIVOLI BACKSTAGE, FRANCIS STREET

Tonight IMRAM presents a gala night of poetry and music of new work from ground-breaking Irish artists. **IMLÉ** have just released their debut album of 'unexpected, devilish and transformative' music. The group features vocalist **Fergal Moloney** (Wild Promises), musician and poet **Marcus Mac Conghail**, Rapper **MC Muipéad** and bassist/guitarist **Cian Mac Cárthaigh**. Piper **Eoin Dillon** will be joined tonight by guitarist **Graham Watson**. Poet **Séamus Barra Ó Súilleabháin** will read to sonic backdrops created by sound sculptor **Slavek Kwi**. **Dairena Ní Chinnéide** will perform work from her latest collection *Fé Gheasa/Spellbound*, and will be joined by singer and multi-instrumentalist **Rónán Ó Snodaigh**.







**DÉ LUAIN 10 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 10 October | 6.00pm**

**DIT, GRANGEGORMAN**
Saorchead isteach/free admission

# CLÓ DRAÍOCHTA 6: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA

## EXHIBITION LAUNCH AND READING

I gcomhar le IMRAM, tá léachtóirí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, **Clare Bell** agus **Brenda Dermody**, tar éis taispeántas speisialta eile a chur le chéile de théacsanna nualitríochta agus na dánta sin claochlaithe go healaíonta ag na mic léinn. Bainfear úsáid as cló-aghaidheanna traidisiúnta chomh maith le hathshaothrú ar chlónna Gaelacha.

In collaboration with IMRAM, Dublin Institute of Technology lecturers **Clare Bell** and **Brenda Dermody** have curated a second special exhibition of Irish language literature texts imaginatively rendered by DIT design students. Poetry selected for the exhibition includes work by **Declan Collinge**, **Rody Gorman**, **Gearóid Mac Lochlainn**, **Ailbhe Ní Ghearbhuigh** and **Gabriel Rosenstock**.

This year the students will be designing special poem postcards which will be distributed in libraries, bookshops and IMRAM festival events.









**DÉ LUAIN 10 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 10 October | 8.00pm**

**MCGRATTAN'S**
**76 Fitzwilliam Lane, Baggot Street**
Cead isteach/admission €10

# Ó BHAILE ÁTHA CLIATH GO PRÁG

## MÓROÍCHE LITRÍOCHTA NA GAEILGE AGUS NA SEICISE

**FROM DUBLIN TO PRAGUE: GALA NIGHT OF CZECH AND IRISH LITERATURE**
**Z DUBLINU DO PRAHY: VEČER IRSKÉ A ČESKÉ LITERATURY**

Tá an-áthas ar IMRAM móroíche cheoil is litríochta a léiriú a cheanglóidh an tSeicis agus an Ghaeilge le chéile. Beidh cuid de nuafhilíocht chomhaimseartha na Seicise againn agus sleachta as *An Dea-Shaighdiúir Švejk* de chuid an ainrialaí Jaroslav Hašek, saothar polaitiúil atá lán de ghreann; cloisfear samplaí de mhórshaothar na Gaeilge a aistríodh go Seicis.

Literární a hudební večer v rámci festivalu IMRAM, jenž nápaditým způsobem propojí irskou a českou kulturu. Jeho součástí bude výběr překladů současné české poezie do irštiny a ukázka z rozhlasové hry, kterou kdysi na motivy Haškova *Dobrého vojáka Švejka* napsal irský spisovatel a milovník české literatury Breandán Ó hEithir. Uslyšíte také pasáže z českých překladů významných irskojazyčných děl, jako jsou *Hřbitovní hlína* Máirtína Ó Cadhaina a *Půlnoční soud* Briana Merrimana, jejichž zemitý humor si s Haškovým dílem nijak nezadá. Navíc zazní i česká přebásnění veršů moderních irských básníků, například Máirtína Ó Direáina a Nualy Ní Dhomhnaill. Nedílnou součástí večera budou také irské a české písně v podání vynikající zpěvačky **Kateřina Garcia**.

Tonight IMRAM presents a special bi-lingual gala night of Czech and Irish literature. It will feature Czech poetry and extracts from Hašek's *The Good Soldier Švejk* translated into Irish; samples of major Irish language works such as *Cré na Cille* and *Cúirt an Mheán-Oíche*, as well as poetry by Nuala Ní Dhomhnaill, Máirtín Ó Direáin and others rendered into Czech. Songs in both Czech and Irish will be an integral part of the night, and **Ciarán Ó Súilleabháin** has also created screen projections of the texts.

The performers will be **Jana Markusová**, **Kateřina Garcia**, **Síle Denvir**, **Pádraig Ó Liatháin**, **Daniela Theinová** and **Radvan Markus**.



**DÉ MÁIRT 11 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 11 October | 6.00pm**

**IONAD AN PHIARSAIGH**
**The Pearse Centre**
**27 Pearse St, Dublin 2**
Cead isteach/admission €5




# AN BÉAL BOCHT AG 75

## LÉACHT LE BRIAN Ó CONCHUBHAIR

Tá seachtó-cúig bliain ann i mbliana ó foilsíodh *An Béal Bocht*, úrscéal iomráiteach conspóideach Bhriain Uí Nualláin. Cén stádas agus seasamh atá ag *An Béal Bocht* anois? An fiú é a léamh a thuilleadh nó an mbaineann sé le ré agus le dearcadh atá imithe le fada an lá? Cén seasamh atá aige i litríocht an domhain mhóir? Tar éis do Browne & Nolan diúltú dó um Aibreán 1941, ar chomhairle Risteard Uí Fhoghludha, ghlac an Preas Náisiúnta leis an téacs ar an 17 Meitheamh 1941 agus foilsíodh é ar an 3 Nollaig 1941. Ach sular foilsíodh é, áfach, b'éigean don údar athruithe áirithe a chur i bhfeidhm ar an téacs. Pléann an chaint seo na ciorruithe sin, cúlra foilsitheoireachta agus comhthéacs cumadóireachta *An Béal Bocht* agus stair an úrscéil ó shin i leith mar úrscéal, mar dhráma stáitse agus raidió.

Tá **Brian Ó Conchubhair** ina stiúrthóir ar Ionad na dTeangacha agus na gCultúr in Ollscoil Notre Dame sna Stáit Aontaithe.




In this special lecture to mark the 75th anniversary of the publication of *An Béal Bocht* by Myles na gCopaleen (Brian O'Nolan), **Brian Ó Conchubhair** asks what relevance this classic parody of Gaeltacht literature has for the modern reader. He further explores the many changes made to the original text prior to its publication in 1941, as well as its subsequent incarnations on stage and on radio.

**DÉ MÁIRT 11 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 11 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com




# CUAIFEACH MO LONDUBH BUÍ

Nuair a foilsíodh úrscéal **Shéamais Mhic Annaidh** *Cuaifeach Mo Londubh Buí* sa bhliain 1983, baineadh freanga as léitheoirí na Gaeilge. Ní raibh aon choinne acu lena leithéid. Úrscéal ceannródaíochta ab ea é i ngach slí, ráchairt an-mhór air sa Rúis. Bhain sé le saol déagóra nuair a bhí punc i réim, macallaí eipic *Gilgamesh* ina orlaí tríd, chomh maith le macallaí eile, *Frankenstein* Mary W. Shelley, saothar Shéamais Mhic Grianna agus Flann O'Brien. Cabhraíonn imeartas focal ilteangach agus osréalachas buile leis an téama - beatha, bás agus athbhreith. Léifidh Séamas sleachta anocht as an úrscéal iomráiteach aige agus ina theannta beidh **Steve Cooney**, gúrú giotáir. Teilgfidh **Margaret Lonergan** íomhánna ar scáileán mór. Beidh an oíche ina cuaifeach. Saorchead isteach ag lonta dubha.

On its publication in 1983, **Séamas Mac Annaidh**'s novel *Cuaifeach Mo Londubh Buí* sent shock waves through the world of Irish language literature. Here was a novel that was truly pioneering, fusing a tale of teenage life in the punk era with echoes of the Gilgamesh myth, *Frankenstein*, and the work of Séamas Mac Grianna and Flann O'Brien. Its themes of death, life and rebirth are explored through madcap surrealism and multi-lingual wordplay. Tonight Séamas will read from his critically acclaimed novel to musical accompaniment from guitar wizard **Steve Cooney**. **Margaret Lonergan** has created beautiful on-screen projections interpreting the narrative.





DÉ CÉADAOIN 12 DEIREADH FÓMHAIR

Wednesday 12 October 6.00pm

ÁRAS SCRÍBHNEOIRÍ NA hÉIREANN, 19 Cearnóg Pharnell

Irish Writers Centre, 19 Parnell Square

Saorchead isteach/free admission

# VÍREAS IS EA TEANGA

## LANGUAGE IS A VIRUS: THE CUT-UP PROJECT

D'fhógair William Burroughs nach raibh sa scríbhneoireacht ach gearrthóga, colláis de na focail a léitear nó a chloistear. Teicníocht liteartha is ea an ghearrthóg ina ngearrtar téacs agus cuirtear ord nua air chun téacs úrnua a chruthú. An siosúr in áit an phinn. Lucht Dada a chuir tús leis sna 1920í ach ba é Wiliam S. Burroughs a chuir bailchríoch air. Ó shin i leith, is iomaí duine a bhain leas as an teicníocht, ina measc na cumadóirí amhrán David Bowie, Kurt Cobain agus Thom Yorke. Sa tionscadal speisialta gearrthóg seo, arna léiriú ag IMRAM agus REIC d'Áras na Scríbhneoirí, beidh scríbhneoirí Gaeilge – **Clara Ní Éanacháin**, **Mícheál Ó Ruairc** agus **Alan Titley** (agus aíonna eile) chun saothar leo féin agus le daoine eile a ghearradh. Beidh deis ag an lucht féachána triail a bhaint as an teicníc chomh maith.

The cut-up is a literary technique in which a text is cut up and rearranged to create a new text. The concept can be traced to the Dadaists of the 1920s, but was popularised in the late 1950s and early 1960s by writer William S. Burroughs, and has since been used in a wide variety of contexts. In this special cut-up project, produced by IMRAM and REIC for the Irish Writers Centre, Irish language writers – **Clara Ní Éanacháin**, **Mícheál Ó Ruairc** and **Alan Titley** (and other special guests) – will produce cut-ups of both their own work and of well-known texts. The audience will also have a chance to experiment with the technique.

*Irish Writers Centre in association with* IMRAM

**DÉ CÉADAOIN 12 DEIREADH FÓMHAIR**

**Wednesday 12 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com



# LÓN LENINGRAD

Sa bhliain 1941, tá Leningrad faoi léigear ag Arm na Gearmáine. Rúisigh na cathrach cráite ag buamáil, ag fuacht agus ag an ocras. Ina hárasán beag lom, tá an file Anna Akhmatova ag plé le seanchara, an t-údar éigiallta Daniil Kharms. Cuireann comharsa leo isteach orthu, bean fhiosrach go mb'fhéidir gur spiaire do na póilíní í. Cíorann an dráma seo an dóigh ina spreagtar scríbhneoirí agus iad i ngleic le saol uafásach. Cabhraíonn an tsamhlaíocht chruthaitheach le duine acu plé leis an saol. Ag an duine eile, is uirlis éalaithe í ón saol céanna.

1941. The city of Leningrad is under siege by the German Army. The Russian citizens strive to cope with bombardment, severe cold and famine. In her bare little flat, the poet Anna Akhmatova tries to entertain a visitor, the 'absurdist' Daniil Kharms. They are interrupted by a nosy neighbour, who may be a police informer. *Lón Leningrad* explores how two real-life Russian writers might have used their creative imaginations in terrible circumstances. For one, it is a way of coping with reality. For the other, it is a way of escaping from reality.

Written by **Aodh Ó Domhnaill**, produced by **Lionel Mac Cárthaigh** and performed by **Aisteoirí Bulfin**, *Lón Leningrad* features actors **Fidelma Ní Ghallchóir**, **Tadhg Ó Bric** and **Bríd Ní Ghruagáin**. **Margaret Lonergan** has created screen projections; stage manager is **Aoileann Ní Chonchubhair**; and sound and lighting is by **Mike Donoghue**.



**DÉARDAOIN 13 DEIREADH FÓMHAIR**

**Thursday 13 October | 6.00pm**

**IONAD AN PHIARSAIGH/THE PEARSE CENTRE**
**27 Pearse St, Dublin 2**
Cead isteach/admission €5

# ALEX HIJMANS


## LÉAMH AGUS AGALLAMH POIBLÍ

### READING AND PUBLIC INTERVIEW

San úrscéal nua le h**Alex Hijmans**, *Tearmann*, téann Eoin Ó Síocháin, gníomhaí óg cearta daonna go dtí an Bhrasaíl chun taighde a dhéanamh ar choimhlint fhuilteach idir treibh bhundúchasach agus úinéirí talún. De réir mar a chuireann sé aithne ar mhuintir na háite tagann sé ar an tuiscint nach bhfuil an scéal chomh simplí agus a shíl sé ar dtús – ach faoin am sin, tá sé rómhall. In aghaidh a thola, beidh ról lárnach le himirt ag Eoin sa choimhlint nuair a thagann sí chun buaice.

In **Alex Hijman**'s latest novel, *Tearmann*, Eoin Ó Síocháin, a young Irish human rights activist travels to Brazil to research the violent conflict between a native tribe and local landowners. As he gets to know the locals, he begins to understand that the story is not as simple as he thought – but by that time, it's too late. Against his wishes, Eoin will have a key part to play when the conflict comes to a head.

Alex Hijmans was born in Holland. He moved to Ireland when he was twenty years of age, at which point he began learning Irish. He spent twelve years in Galway, working in various Irish media, before moving to Brazil, where he now works as an international correspondent. His books include *Favela*, *Aiséirí*, *Gonta* and *Splancanna ó Shaol Eile*. Tonight he will read from Tearmann, and discuss his life and work with **Michael Cronin**.



**DÉARDAOIN 13 DEIREADH FÓMHAIR**


**Thursday 13 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com

# CLUICHE NA CORÓNACH



## GAME OF THRONES




Dar le criticeoirí áirithe tá *Cluiche na Corónach* de chuid **George R R Martin** tar éis dul i bhfeidhm ar na milliúin ar na cúiseanna céanna ar beo i gcónaí do dhrámaí aircitíopúla de chuid Hóiméir, Sophocles agus Shakespeare. Tagann an mhiotaseolaíocht, an stair agus scéalta pearsanta le chéile go diamhair sa choimhlint chumhachta atá ar siúl sna Seacht Ríocht. Tarraingíonn *Cluiche na Corónach* as foinsí ar nós Chogadh na Rósanna ina mbíonn rath ar na buaiteoirí agus brúitear na cailliúnaithe faoi chois gan taise gan trócaire.

Tá ríméad ar IMRAM seó ilmheánach a chur os comhair an phobail anocht, seó atá bunaithe ar aistriúchán Oisín Uí Mhuirthuile ar *Game of Thrones* (foilsithe ag Leabhar Breac). Léifidh **Seán T Ó Meallaigh** agus **Sinéad Ní Uallacháin** as an saothar; canfaidh **Caitríona O'Leary** ceol a chum sí féin don seó, le tionlacan ó **Nick Roth** (sacsafón), **Matthias Loibner** (hurdaí-gurdaí) agus **Francesco Turrisi** (frámdhrumaí agus méarchlár). Cuirfidh **Margaret Lonergan** íomhánna ar fáil, bunaithe ar fhoinsí ón Meánaois.

Tonight IMRAM is delighted to present a dramatic multi-media performance based on Oisín Ó Muirthile's translation into Irish of *Game of Thrones* (published by Leabhar Breac). **Seán T Ó Meallaigh** and **Sinéad Ní Uallacháin** will read to a special musical backdrop arranged and performed by **Caitríona O'Leary** (vocals), **Nick Roth** (saxophone), **Matthias Loibner** (hurdy-gurdy) and **Francesco Turrisi** (frame drums and keyboards). **Margaret Lonergan** has created visuals drawing on medieval sources.







**DÉ hAOINE 14 DEIREADH FÓMHAIR**

**Friday 14 October | 10.00am–5.00pm**

**LITRÍOCHT ÉIREANN, 36 Sráid na bhFíníní,**
**Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2**
Saorchead isteach/free admission




# COMHDHÁIL CHRÉ NA CILLE 2

Mar chómóradh ar an eagrán nua de *Cré na Cille* atá á fhoilsiú ag Cló Iar-Chonnacht i mbliana, agus ar na haistriúcháin Bhéarla le Liam Mac Con Iomaire agus Tim Robinson, agus Alan Titley, tá Cló Iar-Chonnacht ag eagrú an dara comhdháil faoin leabhar suaithinseach seo. Beidh an chomhdháil seo á heagrú i gcomhar le Scoil na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, Litríocht Éireann agus IMRAM.

Ar na cainteoirí a bheas ag glacadh páirte sa gcomhdháil beidh: **Cathal Ó Háinle**, **Ian Ó Caoimh**, **Caoimhín Mac Giolla Léith**, **Micheál Ó Cróinín**, **Mícheál Briody** agus **Brian Ó Conchubhair**.

**Na Cainteoirí**


Cathal Ó Háinle: Máirtín Ó Cadhain agus Saoirse an Léitheora: *Cré na Cille agus Scéalta Eile*
Ian Ó Caoimh: Fréamhacha Clasaiceacha *Chré na Cille*
Caoimhín Mac Giolla Léith: 'Am: De Shíor'
Micheál Ó Cróinín: Éiceolaíocht *Chré na Cille*
Mícheál Briody: *Cré na Cille* agus *Caint an tSean-Shaoghail*
Brian Ó Conchubhair: *Cré na Cille* agus *Litríocht Mheiriceá*



**DÉ hAOINE 14 DEIREADH FÓMHAIR**

**Friday 14 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com




# MISE RAIFTEARAÍ; AN FÍODÓIR FOCAL

Ceann de na liricí is cáiliúla sa Ghaeilge ná 'Mise Raiftearaí an File' ach creidtear anois nárbh é an file Maigh Eoch a chum an dán. Is mór idir an glór caoin atá ar fáil ann agus Raiftearaí na fírinne – an fear achrannach, an cumadóir paiseanta, an bolscaire neamhbhalbh ar son na gcúiseanna radacacha ar chreid sé iontu.

San oíche speisialta seo cuirfidh **Tadhg Mac Dhonnagáin** cuntas ar bheatha agus saothar Raiftearaí i láthair, cur síos a bheas bunaithe ar an mbeathaisnéis uaidh *Mise Raiftearaí; an Fíodóir Focal* ar bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin 2015 air. Úsáidfear idir amhráin, dhánta, scéalta, thráchtaireacht agus mhíreanna scannán le saol agus saothar an fhile a chur in iúl. I gcuideachta Thaidhg ar an oíche beidh an t-amhránaí aitheanta sean-nóis as Teach Mór, Indreabhán, **Caitlín Ní Chualáin** agus an t-aisteoir agus ceoltóir **Darach Mac Con Iomaire**.

Tonight IMRAM presents a multi-media blend of music, poetry, song and film exploring the life and work of wandering bard **Antaine Ó Raiftearaí** (1779–1835). The show features **Tadhg Mac Dhonnagáin**, **Caitlín Ní Chualáin** and **Darach Mac Con Iomaire**.





**DÉ SATHAIRN 15 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 15 October**

**ÁRAS NA SCRÍBHNEOIRÍ**
**Irish Writers Centre, 19 Parnell Square**
Saorchead isteach/free admission

## CEARDLANN NÁISIÚNTA:

# AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL & AN SPLANCSCÉAL

## CLÓ IAR-CHONNACHT

**STIÚRTHÓIRÍ NA CEARDLAINNE:**
**MICHEÁL Ó CONGHAILE AGUS MICHEÁL Ó RUAIRC**

Beidh an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta sa ghearrscéal, san úrscéal nó sa splancfhicsean. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal, sliocht as úrscéal (5–8 lch) nó cúpla splancscéal dá gcuid a sheoladh chuig Stiúrthóir CIC, Micheál Ó Conghaile ag moccic@eircom.net ROIMH an **1 Deireadh Fómhair 2015**.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ochtar ar a mhéid ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

**Tuilleadh eolais:**
Micheál Ó Conghaile nó Bridget Bhreathanch, Cló Iar-Chonnacht
Fón: (091) 593307 | Ríomhphost: moccic@eircom.net | www.cic.ie

*Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon*

*(Á heagrú i gcomhar le IMRAM agus Áras na Scríbhneoirí)*

**DÉ SATHAIRN 15 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 15 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €10
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com



# AISLING GHEAL

## TIONSCADAL CHAITLÍN MAUDE

Ba dhuine de phríomhfhilí a linne í **Caitlín Maude** (1941–1982), chomh maith le bheith ina hamhránaí sean-nóis, drámadóir, aisteoir, oideachasóir agus gníomhaí polaitiúil: Cearta Sibhialta na Gaeltachta; an feachtas in aghaidh an Chómhargaidh; bá le cimí na Ceise Fada. Chreid sí, dar le Pádraig Ó Snodaigh, go dtéann an ceann, na mothúcháin, an cholainn agus an ghnéasúlacht isteach i saothar ealaíne ar bith agus nach saothar iomlán é má tá gné díobh sin in easnamh air.

**Caitlín Maude** was one of Ireland's most outstanding poets, as well as a dramatist, actor, sean-nós singer, educator and political activist. Publisher Pádraig Ó Snodaigh called her an 'elemental force', saying she believed that 'all art is written or created using the head, the emotions, the body, and one's sexuality. And if these four elements aren't present, the work isn't complete'.

Tonight IMRAM and Poetry Ireland are proud to celebrate her work in a bilingual multi-media show that features her original poems read by **Biddy Jenkinson**, **Emer Ní Neachtain** and **Síle Denvir** to live music from guitarist **Enda Reilly**; song versions of her work by **Colm Ó Snodaigh** and **Enda Reilly**; and traditional songs associated with Caitlín performed by **Síle Denvir**. The show features on-screen projections created by **Margaret Lonergan**, which will feature English versions of her poems by **Caitlín Maude** herself, **Gabriel Fitzmaurice** and **Michael Hartnett**.
Curated by **Cathal Póirtéir**.

*IMRAM in association with Poetry Ireland.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann

**DÉ DOMHNAIGH**
**16 DEIREADH FÓMHAIR**

**Sunday 16 October | 7.00pm**

**MCGRATTAN'S**
**76 Fitzwilliam Lane,**
**Baggot Street**
Saorchead isteach/
free admission




# OÍCHE ÓMÓIS DO BHREANDÁN Ó DOIBHLIN

Úrscéalaí, drámadóir, file, criticeoir, díolamóir agus aistritheoir *par excellence* é **Breandán Ó Doibhlin**. Tugann an t-úrscéal iomráiteach leis *Néal Maidine agus Tine Oíche* ar aistear diamhair sinn ina bpléitear díshealbhú cultúir agus teanga. Deir **Alan Titley** faoi fhicsean Bhreandáin Uí Dhoibhlin go bhfuil stíl mhachnamhach fhileata dá chuid féin aige. Ceapadh ina Ollamh le Nua-Theangacha i Maigh Nuad é sa bhliain 1959. Mar eagarthóir ar *Irisleabhar Mhá Nuad*, b'eisean a chuir modhanna nua léirmheastóireachta chun cinn sa Ghaeilge. Tá mórscríbhneoirí na Fraincise tiontaithe go Gaeilge aige, ina measc Pascal, Rabelais, Charles Péguy, La Fontaine agus Antoine de Sainte-Exupéry. Bronnadh an *Ordre national de la Légion d'honneur* air sa bhliain 2001.

**Breandán Ó Doibhlin** is a novelist, dramatist, poet, critic and translator *par excellence*. His acclaimed novel *Néal Maidine agus Tine Oíche* is a fabular journey which deals with themes of cultural dispossession. Tonight IMRAM is delighted to celebrate his life and work in the company of poets, critics, singers and musicians – including **Colm Breathnach**, **Tracey Ní Mhaonaigh**, **Pádraigín Ní Uallacháin**, **Tadhg Ó Dúshláine**, **Liam Ó Muirthile**, **Marcas Ó Murchú**, **Sheila Pratschke**, **Doimnic Mac Giolla Bhríde** and **Hilary Bow**. Curated by **Cathal Póirtéir**. **Doireann Ní Bhriain** will be bean an tí for the night.



## DÉ hAOINE 21 DEIREADH FÓMHAIR

**Friday 21 October | 8.00pm**

**PAVILION THEATRE, Dún Laoghaire**
Cead isteach/admission €21/18
Booking (01) 231 2929
or www.paviliontheatre.ie



'Táimid ann sa mhóimint dhraíochtach seo
Sin é an stuif as a bhfitear brionglóidí...'

É féin a athchruthú de shíor, ba é sin misean is stampa David Bowie. I measc na bpearsan stáitse a chruthaigh sé bhí Ziggy Stardust – ba de stuif na réaltaí riamh é – agus Aladdin Sane. Chuimsigh a chuid stíleanna ceoil sól plaisteach na *Young Americans*; ceol draíochta na n-uirlisí ag *Low*; pop glan *Let's Dance* agus an léim sa dorchadas a bhí san albam deireanach dá chuid, *Blackstar*.

Leaganacha Gaeilge atá againn in *Réaltneach* den chuid is fearr d'amhráin Bowie, traschruthaithe i nGaeilge ag **Gabriel Rosenstock** agus á gcur i láthair ag **Liam Ó Maonlaí**, **Hilary Bow** agus **The Brad Pitt Light Orchestra**. Beidh íomhánna á dteilgean ar scáileán ag **Margaret Lonergan** i gcaitheamh an tseó. Bígí linn ar aistear chun na réaltaí.

David Bowie was defined by constant reinvention. His stage personas included Ziggy Stardust and Aladdin Sane. His musical styles included the 'plastic soul' of *Young Americans*; the haunting instrumentals of *Low*; the pure pop of *Let's Dance*; and the beguiling experimentation of his final album *Blackstar*.

STARMAN features Irish language versions of Bowie's very best songs, transcreated by **Gabriel Rosenstock**, performed by **Liam Ó Maonlaí**, **Hilary Bow** and **The Brad Pitt Light Orchestra**. The show includes screen projections by **Margaret Lonergan**.

# RÉALTNEACH

## Tionscadal **DAVID BOWIE**



# STARMAN

## The **DAVID BOWIE** Project

Songs by David Bowie, performed in Irish by

## LIAM Ó MAONLAÍ
### THE BRAD PITT LIGHT ORCHESTRA
### and **HILARY BOW**

On-screen projections of the lyrics
feature images by artist **Margaret Lonergan**.
**Gabriel Rosenstock** a chuir Gaeilge bhinn ar na liricí.
Tuilleadh eolais: **www.imram.ie**


arts council / an chomhairle ealaíon — funding literature — artscouncil.ie
Foras na Gaeilge
Dublin City — Baile Átha Cliath
IMRAM — FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE — IRISH LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL — A VOYAGE OF DISCOVERY
PAVILION THEATRE

# IMRAM

## A VOYAGE OF DISCOVERY

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh!

IMRAM aims to bring its audiences on a ‘voyage of discovery’ that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blend poetry, prose, film, drama and music in lively, upbeat venues.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócaidí. Ceannaigh leabhar nó dhó! Books will be on sale at most IMRAM events.

**TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:**

Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie
Fón/phone (087) 291 2797

**WWW.IMRAM.IE |**

**STIÚRTHÓIR NA FÉILE/DIRECTOR**

Liam Carson

**BORD IMRAM/FESTIVAL BOARD**

Liam Mac Mathúna, Ciara Ní Éanacháin, Róisín Ní Ghairbhí, Bríd Ní Ghruagáin, Éamon Ó Ciosáin, Cearbhall Ó Siocháin (cathaoirleach), Tristan Rosenstock, Alan Titley

**FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍOCHTA/PUBLICITY QUERIES**

English language media: Please contact Kate Bowe
Phone: (01) 652 0143 or (086) 267 5018 | Email: kate@katebowepr.ie
Na meáin Ghaeilge: Déan teagmháil le do thoil le Robert McMillen
Fón: +44 28 9040 8365 nó +44 74 6366 4435 | R-phost: robert@robertmcmillen.ie

Dearadh: Oldtown